

Eleathanach248

Dé Luain 28 Samhain 2016

Teilifís

X Factor:

Bhí *X Factor* ar siúl arís thar an deireadh seachtaine. Seo an seachtú seachtain den chlár. Ní bhfuair Honey G nó *5 After Midnight* go leor vótaí. Bhí orthu canadh arís. Roghnaigh Simon Cowell *5 After Midnight* agus bhí ar Honey G an clár a fhágáil.

Tá Saara Aalto, Matt Terry, Emily Middlemas agus *5 After Midnight* sa leathchraobh an tseachtain seo chugainn. An téama atá ann don tseachtain seo chugainn ná an Nollaig.

Strictly Come Dancing:

Bhí *Strictly Come Dancing* ar siúl arís thar an deireadh seachtaine. Is iad Tess Daly agus Claudia Winkleman na láithreoirí.

D'fhág Ed Balls an clár. Thug na moltóirí ar fad (Len Goodman, Darcey Bussell, Bruno Tonioli agus Craig Revel Horwood) na marcanna is ísle d'Ed. Bhí Ed an-bhródúil as féin agus bhain sé an-taitneamh as an gclár.



D'fhág Honey G an clár



Ed Balls ag damhsa lena phairtnéir damhsa Katya Jones



Bhí an-bhród ar Rory Best!

Rugbaí

D'imir Éire agus an Astráil sa Staid Aviva Dé Sathairn. Thosaigh an cluiche ar 5.30 i.n.

Bhí páistí Rory Best ag an gcluiche. D'imir Rory 100 cluiche rugbaí ar son fhoireann na hÉireann agus mar sin ba chluiche speisialta é dó. Bhí an-bhród air agus ar a chlann.

D'imir Paddy Jackson go maith. Bhí ar Rob Kearney an pháirc a fhágáil toisc gur ghortaigh sé é féin.

Bhí foireann na hÉireann thar cionn. Bhí an-áthas ar an mbainisteoir; Joe Schmidt is ainm dó. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire 27 An Astráil 24.

Bronntanas Deas!

An tseachtain seo caite chualamar scéal ón Normainn sa Fhrainc. Fuair fear bás ansin agus d'fhág sé a theach ag gaol leis.

Thosaigh an duine sin ag glanadh an tí. Baineadh geit as mar d'aimsigh sé barra óir sa seanteach. Bhí an barra óir i bhfolach ann. Ansin d'aimsigh sé barra eile.

D'aimsigh sé boinn óir freisin. Bhí a lán acu ann - 5000 acu! Dhíol sé an t-ór. San iomlán fuair sé trí mhiliún go leith Euro ar an ór a dhíol sé. Nach deas an bronntanas é sin!



Barra óir